CEACHT 2

OISÍN I nDIAIDH NA FÉINNE

A



B

C



Pictiúr: Radharc:

(a) Oisín agus Niamh i dTír na nÓg, (b) Carraig mhór i lár an bhóthair, triúr fear ag iarraidh í a thógáil den talamh, (c) Oisín á tógáil den talamh; ansin é ina sheanfhear; comhartha ceiste, Niamh Cinn Óir, Oisín ag caint leis na fir a chur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte. Na Fianna agus iad marbh.
Céim 4: Róst/bradán, adharc, ráille, cáis, síol, coill (crann). Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha
D'fhan Oisín trí chéad bliain i dTír na nÓg. Ansin dúirt sé go rachadh sé ar cuairt go hÉirinn.

Agallamh
OISÍN: Nach dtabharfaidh tú an capall bán dom, más é do thoil é, a Niamh?
NIAMH: Tabharfaidh agus fáilte, ach ná tar anuas de in Éirinn.

Cuntas Reatha
Chuardaigh Oisín an tír. Bhí na Fianna marbh. Tar éis tamaill bhuail triúr fear leis.

Agallamh
FEAR: Cuidigh linn an charraig seo a thógáil den talamh.
OISÍN: Shíl mé (cheap mé) go raibh sibh níos láidre ná sin.

Cuntas Reatha
Thóg (d'ardaigh) Oisín an charraig. Thit sé den chapall. D'athraigh sé ina sheanfhear. Ní dheachaigh sé ar ais go Tír na nÓg.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Ar fhan Oisín i bhfad i dTír na nÓg?
Agus cad a dúirt sé ansin?

Tusa Oisín, cuir ceist ar Niamh faoin gcapall.
An dtabharfaidh tú, a "Niamh"? Ach abair leis gan teacht anuas de.
Céard a rinne Oisín in Éirinn?
Agus bhí na Fianna beo?
Ar bhuail aon duine leis?

Tusa duine de na fir, iarr cabhair (cúnamh, cuidiú) ar Oisín.
Tá ionadh ort, a "Oisín"; céard a deir tú?

Céard a rinne Oisín ansin?
Agus céard a tharla dó?
Agus ansin?
An ndeachaigh sé ar ais chuig Niamh arís?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. **Dúirt sé go**.....
   Le cabhair míme agus geáitsíochta na páistí a mhealladh chun an abairt thuas a chríochnú ar bhealaí éagsúla.
2. Nach dtabharfaidh tú **an capall bán** dom?
   (an carbhat liath; an ráille díreach; an leabhar rolla; an cháis bhog; an síol mór).
3. Cuidigh linn an **charraig seo a thógáil.**
   (litrigh/focal; róst/bradán; críochnaigh/cluiche; séid/adharc; cuardaigh/coill; ceangail/coirce).
4. **Thóg** sé .....
   (amárach; gach lá; anois; dá mbeadh sé láidir go leor; níor, ar, **inné;** ní, an? **amárach;** ní, an? **gach lá).**
   An chéad agus an dara pearsa uatha agus iolra a úsáid anseo freisin.

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Páistí éagsúla ag cur síos ar eachtraí an lae sin. Páistí eile á gceistiú.
2. Fear ón raidió ag caint le hOisín—an seanfhear caite.
3. Niamh agus an capall ag caint faoin rud a tharla d'Oisín in Éirinn (tar éis don chapall filleadh ar Thír na nÓg) *nó* an capall ag insint an scéil.
4. Oisín ag fáil bháis—feiceann sé duine de na Fianna arís. Dráma a bhunú air seo.
5. Fríos a chur le chéile "fadó, fadó," nó pictiúir shamhailteacha de Thír na nÓg.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Chuaigh Oisín ag lorg a chairde, na Fianna,
T'réis filleadh go hÉirinn ar a chapall bán,
Bhí carraig mhór sáite i gceart lár an bhóthair,
Is triúr fear ag obair chun í 'tharraingt slán.

II

Thit Oisín den chapall ag iarraidh í 'bhogadh,
Thit Oisín den chapall is leagadh é glan,
Ach d'imigh an óige nuair 'bhuail sé an talamh.
Is fágadh 'na sheanfhear é, críon-chaite lag.

COMHRÁ MÍFHOIRMIÚIL

A

An raibh Oisín sona sásta i dTír na nÓg?
Cén fáth ar theastaigh uaidh teacht abhaile go hÉirinn?
An raibh na Fianna beo faoin am sin?
Cén chaoi a raibh (Conas a bhí) caisleáin na bhFianna?
Cén fáth, an dóigh leat, nach raibh na fir in ann an chloch mhór a thógáil den talamh?
Céard faoi Oisín agus Naomh Pádraig?

B

Druileanna a dhéanamh ar na briathra seo a leanas san Aimsir Chaite, san Aimsir Fháistineach agus san Aimsir Ghnáthláithreach:
Dúisigh, Abair.

Cén t-am ar **dhúisigh** tú ar maidin?
Cén t-am a **ndúiseoidh** tú amárach?
Cén t-am a **ndúisíonn** tú gach maidin?
Céard a rinne tú nuair a **d'éirigh** tú ar maidin? **(Dúirt** mé mo phaidreacha).
Céard a dhéanfaidh tú nuair a **éireoidh** tú maidin amárach?
Céard a dhéanann tú nuair a **éiríonn** tú gach maidin?